2026/779

31.3.2026

CINNEADH (CBES) 2026/779 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Márta 2026

lena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/235/CBES ([1]).

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/235/CBES, measann an Chomhairle gur cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 13 Aibreán 2027.

(3) Chinn an Chomhairle gur cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin atá ainmnithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES a bhaint agus gur cheart na hiontrálacha a bhaineann le ceathrar agus le dhá eintiteas a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/235/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 6(2), cuirtear an dáta ‘13 Aibreán 2027’ in ionad an dáta ‘13 Aibreán 2026’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe *in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU

([1]) Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO L 100, 14.4.2011, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/235/oj).

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES ('Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2') mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal 'Daoine', scriostar an iontráil seo a leanas:

'89. SALAMI Hossein';

(2) sa liosta dar teideal 'Daoine', cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha 19, 28, 59 agus 78:

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Cúis	Dáta an liostaithe
'19.	JAFARI- DOLATABADI Abbas	Áit bhreithe: Yazd (an Iaráin) Dáta breithe: 1953 Inscne: fireann	Is dlíodóir ceadúnaithe ag Barra Tehran é Jafari-Dolatabadi. Is é an t-iar-chomhairleoir le Cúirt Uachtarach Araíonachta na mbreithiúna é (an 29 Aibreán 2019 go dtí 2020 ar a laghad). Iar-Ionchúisitheoir Ginearálta Tehran (mí Lúnasa 2009-mí Aibreáin 2019). Chúisigh oifig Abbas Jafari-Dolatabadi líon mór agóideoirí, lena n-áirítear daoine a ghlac páirt in agóidí Lá Ashura i mí na Nollag 2009. D'ordaigh sé go ndúnfaí oifig Karroubi i mí Mheán Fómhair 2009 agus go ngabhfaí roinnt polaiteoirí leasaitheacha, agus chuir sé cosc ar dhá pháirtí pholaitiúla leasaitheacha i mí an Mheithimh 2010. Rinne a oifig agóideoirí a chúiseamh i leith "Muharebeh", nó naimhdeas i gcoinne Dé, lena ngabhann pionós an bháis, agus dhiúltaigh sé próis chuí dóibh siúd a raibh pionós á bhagairt orthu. Chomh maith leis sin, dhírigh a oifig ar leasaitheoirí, ar ghníomhaithe ar son chearta an duine agus ar bhaill na meán, agus ghabh a oifig daoine den sórt sin, mar chuid de chniogbheartaíocht leathan ar an bhfreasúra polaitiúil. I mí Dheireadh Fómhair 2018, d'fhógair sé do na meáin go ndéanfaí ceathrar gníomhaithe ar son an chomhshaoil ón Iaráin a coinníodh a chúiseamh i leith "an t-éilliú a chur chun cinn ar domhan", ar cúiseamh é lena ghabhann pionós an bháis.	12.4.2011
28.	YASAGHI Ali-Akbar	Inscne: fireann	Is é Ali-Akbar YASAGHI an Ceann ar Bhrainse 26 de Chúirt Uachtarach na hIaráine. Is í an Chúirt Uachtarach an chúirt is airde i gcóras breithiúnach na hIaráine agus tá sé de chúram uirthi an dlí a chur i bhfeidhm i gceart. Tá an Chúirt Uachtarach freagrach as seasamh le pianbhreitheanna a dhéantar i gcúirteanna ar leibhéal níos ísle, ó thaobh nós imeachta nó i dtéarmaí ábhair, ar pianbhreitheanna iad a sháraíonn cearta an duine go mór. Seasann an Chúirt Uachtarach go comhsheasmhach le pianbhreitheanna lena ngearrtar an bás agus diúltaíonn sí do na hagóidí a dhéantar ina n-aghaidh gan mórán plé. Tá Ali-Akbar Yasaghi freagrach dá bhrí sin as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine san Iaráin.	12.4.2011

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Cúis	Dáta an liostaithe
59.	BAKHTIARI Seyyed Morteza	Áit bhreithe: Mashhad (an Iaráin) Dáta breithe: 1952 Inscne: fireann	Is é Seyyed Bakhtiari an tUachtarán ar Imam Khomeini Relief Foundation (IKRF) (Fondúireacht Imam Khomeini um Fhóirithint). Is fondúireacht charthanachta atá nasctha leis an réimeas é IKRF a bhfuil baint aige le seachadtaí arm thar ceann na bhFórsaí Quds de chuid Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). Faigheann IKRF cuid dá ioncam as sócmhainní a urghabháil ó mhionlaigh reiligiúnacha. Ina theannta sin, chumasaigh IKRF mí-úsáid ghnéasach agus dúshaothrú gnéasach ar mhná trí chabhair do bhaintreacha agus do mhná neamhchosanta a dhéanamh coinníollach go dtéann na mná sin isteach ar phósadh sealadach. Tá Seyyed Bakhtiari freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine san Iaráin.	10.10.2011
78.	RESHTE-AHMADI Bahram	Inscne: fireann	Tá Bahram Reshte-Ahmadi ina Cheann ar an Ard-Stiúrthóireacht um Rannpháirtíocht Phoiblí agus Caipiteal Sóisialta Bhreithiúna na hIaráine. Le linn a ghairmréime le breithiúna na hIaráine, bhí na poist a leanas aige: an Leas-Ionchúisitheoir in Tehran, Leas-Cheann na hOifige um Ghnóthaí Príosúin i gCúige Tehran agus Maoirseoir na hOifige Ionchúisimh Phoiblí in Tehran. Sna róil sin, bhí baint dhíreach aige le sáruithe i réimse chearta an duine, ag diúltú rochtain ar dhlíodóir agus teagmháil lena dteaghlaigh do chosantóirí. Sna poist uile a bhí aige, lena n-áirítear an post atá aige faoi láthair, thacaigh sé le córas breithiúnach na hIaráine, a thugann neamhaird go córasach ar chearta bunúsacha na gcosantóirí agus a sháraíonn na cearta sin. Tá Bahram Reshte-Ahmadi freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine san Iaráin.	23.3.2012’;

(3) sa liosta dar teideal ‘Eintitis’, cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha 1 agus 25:

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Cúis	Dáta an liostaithe
‘1.	Cyber Police (Cibearphóilíní)	Suíomh: Tehran (an Iaráin) Suíomh gréasáin: http://www.cyberpolice.ir	Is aonad de chuid Phóilíní Phoblacht Ioslamach na hIaráine é Iranian Cyber Police (FATA) (Cibearphóilíní na hIaráine). Tá sé de chúram orthu póilíneacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht ar líne agus tá ról lárnach acu maidir le faireachán a dhéanamh ar na meáin shóisialta agus saoránaigh a ionchúiseamh ar bhonn inneachar digiteach. Díríonn FATA go minic ar easaontaigh agus ar lucht freasúra an réimis, agus lena chois sin ar phearsana cultúrtha tábhachtacha nach gcloíonn le róil dhochta shóisialta agus inscne, amhail ealaíontóirí baineanna. Cuireann FATA an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh faoi chois agus forfheidhmíonn siad cinsireacht trí leathanaigh meán sóisialta a dhúnadh nó trí dhaoine a chuireann tuairimí in iúl nach dtacaíonn an réimeas leo nó a chuireann na tuairimí sin chun cinn a ghabháil. Tá FATA faoi cheannas Vahid Majid, a thug rabhadh go poiblí arís agus arís eile do shaoránaigh go ndéanfaí faireachán ar ghnáthphlé le gaolta maidir lena bhfuil ag titim amach sa tír agus maidir le polaitíocht, chun timpeallacht imeaglaithe agus eagla a spreagadh. Tá FATA freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine san Iaráin.	12.3.2013
25.	Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) Operational Base Karbala (Bunáit Oibriúcháin Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) in Karbala) كربلا سپاه پاسداران انقلاب اسلامی	Seoladh: Iardheisceart na hIaráine (cúigí Khusestan, Lorestan, agus Kohgiluyeh agus Boyer-Ahmad) An cineál eintitis: Aonad míleata de chuid Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) Príomháit a chuid gníomhaíochtaí: An Iaráin Eintitis chomhlachaithe eile: Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC)	Is í Bunáit Oibriúcháin Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) in Karbala ceanncheathrú réigiúnach IRGC atá ag feidhmiú in Iardheisceart na hIaráine, lena gcumhdaítear na cúigí Khusestan, Lorestan, agus Kohgiluyeh agus Boyer-Ahmad. Tá Bunáit Oibríochtúil IRGC Karbala cniogbheartaíocht fhoréigneach déanta arís agus arís eile aige ar agóidí sa réigiún, ag obair go dlúth leis an Aireacht Faisnéise (MOIS) agus le fórsaí Basij. Rinne sé faireachán agus spriocdhíriú freisin ar na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag mionlaigh eitneacha sna cúigí sin. Tá Bunáit Oibriúcháin Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) in Karbala freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine san Iaráin.	23.1.2023’.

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/779/oj